

Cuid I
FODHLÍTHE GHOBHARNÓIRÍ AGUS CHAOMHNÓIRÍ GHAILEARAÍ NÁISIÚNTA
NA HÉIREANN

Arna ghlacadh an 20 Samhain 2023

Ghlac Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann (“**an Bord**”) leis na Fodhlíthe seo de bhun Alt XIII d’Acht Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, 1854, chun cabhrú leis an mBord gnóthaí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann (“**an Gailearaí**”) a bhainistiú.

1. Gabhann na Fodhlíthe seo i dtreis ar na Fodhlíthe go léir ar glacadh roimhe seo leo de bhun alt XIII d’Acht Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, 1854 agus cealaítear iad leis seo.
2. Tionólfaidh an Bord a cruinniú ag áitreabh an Ghailearaí nó ag an láthair eile siúd a chinnfidh an Bord, ar a laghad sé huaire sa bhliain ag dátaí a chinnfidh an Bord roimh ré. Is féidir Cruinnithe Boird breise a thionól chomh maith, faoi mar a mheasann an Bord is gá. Is féidir leis an gCathaoirleach nó leis an Leas-Chathaoirleach na cruinnithe breise siúd a thionól agus mura féidir leo amhlaidh a dhéanamh, is féidir leis an Stiúrthóir nó le cúigear ball Boird, ar a laghad, iad a thionól.

Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach a Thoghadh

3.
 - a) Nuair atá folúntas le teacht aníos do phost Cathaoirligh nó Leas-Chathaoirligh, is féidir leis an Bord, faoina lánrogha, an cinneadh a dhéanamh toghchán a chur ar bun don phost ábhartha:
 - i. tráth nach déanaí ná an cruinniú Boird deireanach sceidealaithe sula n-éagfaidh téarma an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh reatha, de réir mar is infheidhme; nó
 - ii. faoi na cúinsí nach féidir an t-amfhráma a leagtar amach in 3(a)(i) a bhaint, ag an gcéad chruinniú Boird eile atá ag teacht aníos.
 - b) Beidh feidhm ag Alt 3(a) sna cúinsí seo a leanas:
 - i. Tá téarma an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh mar Chathaoirleach nó mar Leas-Chathaoirleach, de réir mar is infheidhme, le dul in éag; nó
 - ii. Tá téarma an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh sa Bhord le dul in éag sula n-éagfaidh a dtéarma mar Chathaoirleach nó mar Leas-Chathaoirleach agus níl a dtéarma Boird incháilithe le haghaidh athnuachana.
 - c) Trí bliana a bheidh i dtréimhse oifige an Chathaoirligh agus is féidir le haon duine fónamh ar feadh dhá théarma trí bliana i ndiaidh a chéile. Is féidir leis an mBord, faoi chúinsí eisceachtúla, síneadh a chur le téarma oifige an Chathaoirligh ar feadh tréimhse bhreise bhliana, agus is féidir an síneadh a athnuachan gach bliain ar feadh dhá bhliain bhreise. Dhá bhliain a bheidh i dtréimhse oifige an Leas-Chathaoirligh agus is féidir le haon duine fónamh ar feadh dhá théarma dhá bhliain i ndiaidh a chéile.

Tabharfar faoi na toghcháin uile siúd (do shíntí san áireamh) i gcomhréir leis na bearta a leagtar amach in Aguisín 1 leis na Fodhlíthe seo.

- d) I gcás 3(a)(i), glacfaidh Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach nuathofa le hoifig ón lá i ndiaidh éag théarma an Chathaoirligh nó Leas-Chathaoirligh atá ag dul as oifig. I gcás 3(a)(ii), glacfaidh Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach nuathofa le hoifig láithreach tar éis toghchán a chur i gcrích a cuireadh ar bun go bailí inarb iad siúd an t-iarrthóir rathúil.
- e) Sa chás go gcruthaíonn toghadh an Chathaoirligh folúntas i bpost Leas-Chathaoirligh, titfidh an toghchán leis an bhfolúntas sin a líonadh amach ag an gcéad chruinniú Boird eile.

Folúntais Ócáideacha in Oifig an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh

- 4. Is féidir leis an mBord, ag aon Chruinniú Boird, duine dá bhaill a thoghadh le haon fholúntas ócáideach a líonadh in oifig an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh a shealbhóidh an oifig go dtí an chéad toghchán bailí eile faoi mar a dtugtar cuntas air i Mír 3.
- 5. In éagmais an Cathaoirleach a bheith i láthar ag aon chruinniú, déanfaidh an Leas-Chathaoirleach cathaoirleacht ar an gcruinniú. In éagmais an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach araon a bheith i láthair, toghfaidh na baill atá i láthair an Cathaoirleach don chruinniú.

Vótáil

- 6. Déanfar cinneadh faoi cheisteanna a thagann chun solais ag aon chruinniú an Bhoird trí thromlach vótaí agus, nuair atá líon comhionann vótaí ann, tabharfar an dara vóta réitigh do Chathaoirleach an chruinnithe. Is féidir vótaí a chaitheamh trí chomhaireamh lámh.

Cruinnithe

- 7. Faoi réir fhorálacha chlásal 13 thíos, ní bheidh aon duine nach ball den Bhord iad, i láthair ag aon chinn dá gcruinnithe mura dtugtar cuireadh dóibh agus go gcomhaontaíonn na baill atá i láthair leis.
- 8. Mar a ordaítear i Reacht, cúigear a bheidh sa chóram do chruinnithe an Bhoird maidir le tabhairt faoi ghnó, ach ní cheannófar aon phictiúr nó saothar eile ealaíne don Ghailearaí mura n-údaráítear é i Rún a ritear ag cruinniú ag a mbeidh ar a laghad naonúr ball i láthair agus d'fhéadfaí freastal i bpearsan, ar an nguthán nó trí sheimineár gréasáin difear a dhéanamh d'fhreastal ag cruinniú Boird.

Lánrogha an Stiúrthóra

- 9. Féadfaidh an Bord, i gcomhréir leis an dlí agus an alt seo, a údarú trí Rún go gceannaíonn an Gailearaí ar threallús an Stiúrthóra, i gcaitheamh na tréimhse idir cruinniú Boird amháin agus an chéad cheann eile, aicmí áirithe pictiúr nó saothair eile ealaíne a mhéid le luach €100,000, seachas nach féidir leis an Stiúrthóir, in aon bliain amháin, breis agus 50% den bhuiséad bliantúil Fála don Ghailearaí, nó an tsuim eile siúd a fhéadfaidh an Bord a chinneadh ó thráth go chéile, a chaitheamh. Cuirtear suim lánrogha an Stiúrthóra mar mhír caighdeánach ar an gclár do gach cruinniú Boird. Ní dheonóidh an Bord aon chaiteachas os cionn €100,000 idir cruinnithe nó os cionn 50% den bhuiséad bliantúil Fála ach faoi chúinsí eisceachtúla.

Coistí

10. Féadfaidh an Bord na coistí siúd a bhunú trí rún chun cabhrú le tabhairt faoi fheidhmeanna an Bhoird amhail is féidir leis an mBord a chinneadh. Cinnfidh an Cathaoirleach ballraíocht agus cathaoirleacht na gcoistí siúd ag tráth a gcruthaithe agus ag gach dara cruinniú an Bhoird ina dhiaidh sin i ngach bliain féilire. Féadfaidh an Bord neamhbhaill an Bhoird ag a bhfuil saineolas nó tairní speisialta a cheapadh leis na coistí siúd, chomh fada agus gur baill den Bhoird a bheidh i dtromlach bhaill an choiste. Féadfaidh an Bord coiste a dhíscaoileadh ag aon tráth trí Rún a bhunaítear faoin bhFodhlí seo. Comhlíonfaidh gach coiste a bhunaítear faoin bhFodhlí seo aon rialacháin a bhaineann le tabhairt faoina ghnó a fhéadfaidh an Bord a fhorordú agus tuairisceoidh siad leis an mBord. Beidh éifeacht ag aon rud a dhéanann coiste, má fhoráiltear amhlaidh i Rún an Bhoird agus faoi réir an dlí, faoi mar a rinne an Bord é.

Cumarsáid

11. Seachas mar a d'fhéadfadh na Gobharnóirí agus na Caomhnóirí a shocrú ar bhealach eile ó thráth go chéile nó mar a d'fhéadfadh an Cathaoirleach a ordú ar bhealach eile, tabharfar faoi chumarsáid fhoirmiúil idir an Bord agus an tAire (faoi mar a shainmhínítear san Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997) tríd an gCathaoirleach.
12. Tabharfaidh an Bord faoina dhualgais agus a fhreagrachtaí i gcomhréir leis na dlíthe infheidhme go léir agus leis an dea-chleachtas rialachais chorparáidigh, atá cuí don Institiúid.

An Stiúrtóir agus Fostaithe

13. Beidh Stiúrtóir an Ghailearaí ann a cheapfaidh an Bord. Beidh an Stiúrtóir i dteideal freastal ar agus labhairt ag cruinnithe an Bhoird agus aon choiste a bunaíodh faoi Fhodhlí 6 ach ní fhéadfaidh sé/sí vóta a chaitheamh.
14. Ní ball den Bhoird a bheidh sa Stiúrtóir. Ní bheidh aon bhall den Bhoird incháilithe iarratas a dhéanamh ar oifig an Stiúrtóra murach gur thug sé/sí a s(h)uíochán suas roimhe seo ar an mBord.
15. Déanfaidh, bainisteoidh, forbróidh agus rialóidh an Stiúrtóir riarachán agus gnó an Ghailearaí go ginearálta agus tabharfaidh sé/sí faoi na feidhmeanna eile siúd a fhéadfaidh an Bord a chinneadh i gcomhréir le beartas agus teoracha an Bhoird.
16. Féadfaidh an Bord na fostaithe eile siúd a cheapadh a mheasann an Bord gur cuí. Íocfaidh an Bord an luach saothair agus na liúntais siúd le fostaithe an Ghailearaí a fhéadfaidh an Bord a chinneadh agus ceapfar na fostaithe ar na téarmaí agus na coinníollacha eile siúd a fhéadfaidh an Bord a chinneadh i gcomhréir i gcónaí le Rialacháin an Rialtais.

Séala

17. Fíordheimhneofar greamú shéala an Bhoird trí shíniú an Chathaoirligh nó trí shínithe duine éigin eile, agus an Stiúrtóra, a údaraítear go ginearálta nó go speisialta ag an mBord. Gheofar cáipéis ina n-airbheartaítear gur forghníomhaíodh go cuí í faoi shéala an Bhoird, nó gur síníodh í thar ceann an Bhoird, i bhfianaise agus, murach go gcruthaítear a mhalairt, measfar gur forghníomhaíodh nó gur síníodh amhlaidh í. Coinneoidh Rúnaí an Bhoird coimeád an tSéala.

Rúin Bhoird

18. Féadfaidh an Bord, trí Rún, údarás a tharmligean don Fheidhmeannacht, cibé acu go ginearálta nó go sonrach, le cáipéisí dlí a shíniú thar a cheann.
19. Ní úsáidfeadh aon chuid den Ghailearaí d'aon chuspóir eile seachas mar a fhorordaítear agus mar a bheartaítear sna hAchtanna faoina ndéantar an Bord seo a chorprú agus do na gníomhaíochtaí coimhdeacha siúd a fhéadfaidh an Bord a mheas a bheith cuí ó thráth go chéile trí Rún.
20. Ní dhéanfar aon Fhodhlí lena nglacann an Bord a athrú nó a chur i ngníomh, seachas trí Rún an Bhoird. Soláthrófar an Rún do na baill Bhoird i scríbhinn fiche a haon lá roimh an gCruinniú Boird.

Cuid II

FODHLÍTHE GHAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

Arna ghlacadh an 20 Samhain 2023

Ghlac Gobharnóirí agus Caomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann ('an Gailearaí') i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a dhílsítear iontu in Alt 14 (agus Alt 61(2)) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 leis na Fodhlíthe seo a leanas maidir le cúram, cothabháil agus cosaint an Ghailearaí.

1. Caithfidh cuairteoirí caitheamh le foireann an Ghailearaí agus le cuairteoirí eile go cúirtéiseach agus le meas, fad atá siad sa Ghailearaí.
2. Tá dualgas ar chuairoteoirí chuig an nGailearaí na treoracha nó na horduithe go léir a thugann ball foirne an Ghailearaí dóibh. Is féidir cead isteach a dhiúltú d'aon chuairteoir, a measann go bhfuil iompar ar bun aige/aici ar bhealach a sháraíonn na Fodhlíthe seo.
3. Rachaidh an Gailearaí i mbun bearta réasúnta lena chinntiú nach mbíonn cuairteoirí agus a réadmhaoin thíos le haon ghortú nó díobháil. Baineann cuairteoirí úsáid, mar sin féin, as áitreabh an Ghailearaí agus as a shaoráidí go hiomlán ina bpríacal féin agus ní ghlacann an Gailearaí le haon dliteanas as aon chaillteanas nó díobháil, is cuma cad is cúis leis.
4. Féadfaidh an Bord soláthar a dhéanamh ó thráth go chéile chun táillí agus muirir a shocrú maidir le hiontráil isteach in aon taispeántas speisialta nó in aon imeacht eile a chuirtear ar siúl sa Ghailearaí.

Aguisín 1

CÉIMEANNA LE CATHAOIRLEACH AN BHOIRD A THOGHADH

Arna ghlacadh an 20 Samhain 2023

1. Tá ainmneacha sínithe na n-iomaitheoirí, na moltóirí agus na gcuiditheoirí le seoladh chuig an gCeann Comhairimh, a bheidh mar Rúnaí an Bhoird nó aon duine eile siúd a fhéadfaidh an Bord a ainmniú don chuspóir seo, 14 lá roimh chruinniú an Bhoird ag a gcuirfear an toghchán ar siúl. Tá na sonraí faoi na hiomaitheoirí, na moltóirí agus na cuiditheoirí le scaipeadh láithreach ar na baill uile den Bhord. Ní fhéadfaidh moltóirí agus cuiditheoirí tacú ach le hiarrthóir amháin.
2. Tá cathaoirleacht le déanamh ag an gCathaoirleach atá ag dul as oifig, murach gur iomaitheoir é/í, ar chruinnithe ina bhfuil toghcháin le cur ar siúl. Sa chás sin, glacfaidh an Leas-Chathaoirleach, nó aon bhall eile lena gcomhaontaítear, leis an gcathaoir don mhír seo ar an gClár.
3. Is é an chéad mhír ar an gclár ar Lá an Toghcháin. Is féidir leis na hiomaitheoirí cur i láthair a dhéanamh don Bhord ar feadh 10 nóiméad, ar a fhaide. Seachas cuir i láthair, má dhéanfar ann chinn, glacfaidh gach ball Boird páirt i mballóid rúnda ar pháipéir bhallóide chlóite.
4. Sa chás nach bhfaigheann aon iarrthóir 50% de na vótaí, díbreofar an duine ag a bhfuil an líon is lú vótaí agus caithfidh na baill vóta (agus leanfaidh siad le vóta a chaitheamh) i leith na n-iarrthóirí atá fágtha go dtí go mbaintear 50% amach. Dhéanfaí aon vótaí cothroma a chinneadh trí bhallóid rúnda.
5. Dhéanfaidh an ceann comhairimh, agus an Cathaoirleach ina f(h)inné, na vótaí a chomhaireamh agus an Bord a chur ar an eolas ar na torthaí i ngach cás.
6. Seachas nuair is gá de bharr an chomhthéacs ar bhealach eile, bainfidh na céimeanna a leagtar amach thuas maidir le Cathaoirleach an Bhoird a thoghadh le Leas-Chathaoirleach an Bhoird a thoghadh.